

## Maistíneacht/Bulaíocht

© Cóipceart. Tá an polasaí seo molta ag Bord Bainistíochta na scoile, ach glacann an Bord Bainistíochta go bhfuil an ceart acu, an polasaí seo a athrú aon am is mian leo i gcomhairle le pobail na scoile. I gcás go bhfuil dearmad déanta in aon ráiteas thíos cuirfear an dearmad sin faoi bhraid an Bord Bainistíochta agus ní ghlacann an Bord Bainistíochta le haon dualgas mar gheall ar an dearmad seo.

### Polasaí Scoil Raifteirí: Maistíneacht/Búlaíocht

Sainmhiniú: Tá an iompair seo do-ghlactha sa scoil seo. Is é atá ann ná iompair do-ghlactha atá athdhéanta arís agus arís. Léirimid meas dá chéile sa scoil seo, ina aithnímid dífríochtaí agus cearta cách, agus táimid sásta díriú, fiosrú, ceartú, más ghá. Is scoil sona í seo ina spreagtar féin-mhuinín chách. Caithfear cearta daoine eile a aithint, agus caithfear cuir ina luí ar ghach duine go minic go bhfuil dualgas ar chách maidir le sabháilteacht agus leasa gach páiste agus chuile dhuine sa scoil. Tá sé ceart agus cóir eachtraí búlaíochta a insint agus tuairisc a thabhairt, agus ní insint scéalta atá i gceist, ach ciall, muinín agus dualgas a léiriú.

Úsáidtear an chlár Misneach sa scoil seo.

### Aidhmeanna:

1. Spreagadh a thabhairt do fhoireann iomlán na scoile gan glacadh le haon maistíneacht sa scoil.
2. Spreagadh a thabhairt do na páistí/foireann iomlán na scoile insint faoi aon mhaistíneacht atá ar siúl sa scoil.
3. Cinntiú go bhfuil maoirseacht mar is cóir a bheith curtha i bhfeidhm go dlúth i gcónaí sa scoil.
4. Modh is fearr a fhorbairt chun tuairisc a bhreacadh síos faoi aon mhaistíneacht ata ar siúl, i rith amanta scoile. Chomh fada agus is féidir déantar nóta de aon mhaistíneacht, Cuma cé chomh bídeach, Cuma cén duine atá i gceist san ioinad oibre, faoi stiúr na hoidí/daoine bainteach déantar fiosrú agus deigheál leis.
5. An bealach ceart a fhorbairt chun deigheál leis na heachtraí sin.
6. An pholasaí seo a scrúdú ó am go ham, chun a bheith cinnte go bhfuil sé curtha i bhfeidhm i gceart, chun an phointe a leathnú, nó eolas breise a chur leis.
7. Is féidir coinne eagraithe le na tuismitheoirí a luaithe agus is feidir é a shocrú, más ghá. Is féidir na tuistí a chur ar an eolas faoin scéal ionas gur féidir cabhrú le na páistí, stop a chur leis an drochiompair seo atá suarach agus do-ghlactha in aon scoil nó ionad oibre do dhuine ar bith. Beith seans ag gach duine éisteacht, plé, comhairle, dualgas a thógaint, gortú a admhail, brón a léiriú, agus críoch deimhneach a chur leis, más féidir. D'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh críoch deimhneach ar chúiseanna áirithe áfach. Mar sin féin, caithfear cinnte a dhéanamh de chomh fada agus is feidir go bhfuil a fhios ag na tuismitheoirí nach glacfar le búlaíocht inár scoil ó dhuine ar bith, agus ní léiríonn búlaíocht ethos na scoile ina bhfuil meas don dhuine aonarach nó cearta an duine aonarach le saoirse pearsanta.
8. Is é ár bpolasaí é go ndéanfar cinnte de, chomh fada agus is féidir é, go bhfuil agallamh déanta leis na páistí (an mhaistín/an íobartaigh, más fíor) i gceist ina aonair, ionas gur féidir an dá thaobh den scéal a chlíoiteáil.

9. Tugtar an dá thaobh le chéile, agus cuirtear iad ar an eolas faoi pointí/taobh an duine eile, ionas go bhfeicfear gur tharla míthuiscint/gortú. Cuirtear ina luí ar an dá thaobh go bhfuil meas dá chéile mar dhaoine molta agus tabhachtach.
10. Caithfear eachtraí dáiríre bulaíochta a thuairiscú don phríomhoide.
11. Beidh sé soiléir do ghach pháiste i ngach rang aon eachtra a insint don oide ranga, an oide ar mhaoirseacht.
  
12. Beidh sé mínithe agus curtha ós chomhair gach duine fásta sa scoil, aon eachtra bhulaíocht a fheictear sa scoil a insint don phríomhoide/na húdaráis cuí.

### **An Polasaí:**

1. **Mar atá soiléir ón gCód Smachta, ní ghlacfar le haon maistíneacht sa scoil.**
2. **Glacann an Bord Bainistíochta leis an bpolasaí seo.**
3. **Deanfar gach iarracht atmasféar dearfach de chomhoibriú a chothú sa scoil. Bainfear úsáid as Beo go Deo, Teagasc Chríostaí, OSPS, agus Misneach chun féinmhuinín na páistí a fhorbairt i suailce.**
4. **Beidh maoirseacht curtha i bhfeidhm i gconaí ag Foireann na scoile.**
5. **I gcás go dtarlaíonn eachtra beidh tuairisc don eachtra tugtha don oide ó pháiste, ó pháistí eile, ó oide eile, ó thuiste nó eile. Molfar go mbeidh an tuairisc gear, gonta, cruinn agus fíorasach.**
6. **Déanfar gach iarracht daoine a choinneáil ar an eolas agus súil a choinneáil.**
7. **Lámhleabhar “Stop it! Steps to address Bullying” a thabhairt do tuistí na scoile más féidir é.**